Ar Lá Eorpach na dTeangacha, déanaimid ceiliúradh ar an oidhreacht shaibhir teanga atá ag an Eoraip agus ar fhoghlaim na dteangacha a thugann rochtain dúinn ar an oidhreacht sin.

Tá oidhreacht chultúrtha agus teanga na hEorpa ar cheann dá láidreachtaí sainiúla, agus tá an láidreacht sin cumhdaithe faoin mana ‘Aontaithe san éagsúlacht’. Déanann Comhairle na hEorpa agus an tAontas Eorpach an t ilteangachas a ghlacadh chucu féin agus a chosaint, agus aithníonn siad gur bunchloch den daonlathas, den chuimsiú agus den chomhtháthú sóisialta é. Ar an gcúis sin, ní só-chultúr atá i múineadh agus foghlaim teangacha éagsúla inár scoileanna ach riachtanas polaitiúil: Is é sin na modhanna trína ndéanaimid an t idéal Eorpach a thabhairt chun beatha agus na luachanna iolraíocha, cuimsitheacha agus réamhbhreathnaitheacha atá lárnach don tionscadal Eorpach a threisiú.

# Foghlaimeoirí teanga a chumhachtú

## Forógra spreagtha le haghaidh Lá Eorpach na dTeangacha

### Tugann foghlaim na dteangacha cumhacht d’fhoghlaimeoirí má tá

- páirt á glacadh acu i bpobal foghlama fáilteach tacúil
- moladh á thabhairt dóibh smacht a chomhroinnt ar an bpróiseas foghlama
- úsáid á baint acu as a sprioctheanga ag an am céanna agus atá an sprioctheanga sin á foghlaim acu

### Éilíonn an forógra seo go bhforbrófaí éiceolaíocht spreagúil ina ndéanfaí an méid seo a leanas

- a áitiú go mbeadh luach comhionann ag gach teanga
- a aithint go bhfuil luach agus tairbhí ag baint leis an éagsúlacht teanga agus chultúrtha

Íoslódáil téacs iomlán an Fhorógra Spreagtha anseo: edl.ecml.at/Motivation

### Tugann teangacha cumhacht dúinn mar

- go gcuireann siad ar ár gcumas dúinn cumarsáid a dhéanamh agus caidreamh a bhunú le daoine a labhraíonn teangacha eile
- go gcabhraíonn siad linn tuiscint a fháil ar chultúir a bheadh dúnta dúinn gan iad
- go gcuireann siad feabhas ar ár roghanna gairme
- go leathnaíonn siad ár bhféiniúlacht
- go n osclaíonn siad conairí nua le haghaidh staidéar acadúil agus gairme
- go gcuireann siad lenár bhfeasacht chriticiúil

### Braitheann forbairt éiceolaíochta spreagúla ar iarrachtaí comhthacaíochta uathu seo a leanas...

- údaráis réigiúnacha agus áitiúla
- lucht ceaptha beartas, reachtóirí agus riarthóirí
- comhlachais ghairmiúla múinteoirí
- múinteoirí teanga
- foghlaimeoirí teanga
- forbróirí curaclaim
- oideoirí múinteoirí teanga
- cigirí scoile
- comhlachais tuismitheoirí
- eagraíochtaí neamhrialtasacha a bhfuil baint acu le teangacha mionlaigh agus réigiúnacha, caidreamh idirnáisiúnta agus malartú cultúrtha
- phríomhoidí agus bainisteoirí scoile

2025-GA

edl.ecml.at




Lá Eorpach na dTeangacha
an 26 Meán Fómhair


EUROPEAN UNION
EUROPEAN CENTRE FOR MODERN LANGUAGES
ECML CELV
CENTRE EUROPEEN POUR LES LANGUES VIVANTES
COUNCIL OF EUROPE
CONSEIL DE L’EUROPE